

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don
bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2018**

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Clár na nÁbhar

Leathanach

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	3
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	15
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.....	20
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	22
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	23
An Ráiteas ar Staid an Airgeadais	24
An Ráiteas ar Shreafaí Airgid.....	25
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.....	26

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004) (“an tAcht”). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCuid 8 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tá sé freagrach as dea-rialachas ag an RTB a áirithiú. Feidhmíonn an Bord an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomh-shaincheisteanna gnó uile.

Rinne an Bord bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh an RTB a tharmligean do Stiúrthóir an RTB agus dá foireann bhainistíochta sinsearaí. Leanann an Stiúrthóir agus a foireann an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus cinntíonn siad go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomh-shaincheisteanna na heagraíochta, ar chineálacha na gcinntí a n-éilítear ar an mBord iad a dhéanamh, agus ar na rioscaí suntasacha uile a bhíonn os comhair na heagraíochta. Gníomhaíonn Stiúrthóir an RTB mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an RTB agus tá líne tuairiscithe aici chuig Cathaoirleach an Bhoird.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dtéarmaí tagartha agus i sceideal saincheisteanna an Bhoird atá forchoimeáda go sainiúil do chinneadh an Bhoird. Go ginearálta cuimsítear leo sin na feidhmeanna atá dílsithe sa Bhord ag an Acht, cinntí rialachais amhail ceapadh bhail na gCoistí nó faomhadh beartas, príomh-chinntí straitéiseacha agus airgeadais amhail faomhadh pleananna, nó acmhainní suntasacha a shannadh, agus maoirseacht ar rioscaí maidir le gníomhaíochtaí an RTB.

Tá freagracht ag an RTB as feidhmiú díreach reachtaíochta agus as beartas an Rialtais a bhaineann leis an earnáil tithíochta ar cíos. Tá ról gar-bhreithiúnach aige agus tá sé neamhspleách maidir lena chuid feidhmeanna cinnteoireachta. Mar sheirbhís ghar-bhreithiúnach, tá tiomantas suntasach ar thaobh an Bhoird d’fhonn cinntí áirithe a mhaoirsiú. Chomh maith leis na cruinnithe míosúla dá chuid, tagann an Bord le chéile chun cinntí a bhreithniú a bhaineann le saincheisteanna dlínse agus le forfheidhmiú orduithe d’fhonn a ról gar-bhreithiúnach a chomhlíonadh.

Le linn 2018, tháinig an Bord le chéile ar 58 n-ócáid (88 n-ócáid in 2017), le haghaidh cruinnithe gnáthúla an Bhoird agus le haghaidh cruinnithe chun déileáil le cúrsaí a bhaineann lena ról gar-bhreithiúnach. Thionóil an Bord 12 chruinniú ghnáthúla de chuid an Bhoird mar aon le 46 chruinniú an Bhoird a bhain le Díospóidí Tionóntachta. Áirítear le míreanna buana a bhreithníonn an Bord ag gach cruinniú gnáthúil an Bhoird dearbhuithe um leasanna chomhaltaí an Bhoird, bainistíocht riosca, cúrsaí airgeadais, tuarascáil an Stiúrthóra, ballraíocht an Bhoird agus na gCoistí, miontuairiscí cruinnithe, agus tuarascálacha ó Choistí.

Éilítear le hAlt 177 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004) ar Bhord an RTB go gcoinníonn sé, i cibé foirm a d’fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann agus a chaitheann sé.

Éilítear ar Bhord an RTB na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé iomchuí chun a thiomhndiú go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus
- chun a lua má leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar Ailt 177 go 179 den Acht leis na ráitis airgeadais. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an RTB.

Tá an Bord freagrach as plean gnó agus buiséad bliantúil an RTB a fhaomhadh agus as monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht. Ar feadh 2018 mheasúnaigh an Bord feidhmíocht an RTB i gcoinne an bhuiséid agus fuair sé tuarascálacha ráithiúla ón bhfoireann bhainistíochta sinsearaí maidir le feidhmíocht gach rannóige i gcoinne a plean ghnó rannóige. Rinne an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an toradh airgeadais deiridh agus ar an bhfeidhmíocht i gcoinne phlean gnó 2018 ag an gcruinniú dá chuid an 5 Aibreán 2019.

Anuas air sin, tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas fíor agus cothrom le ráitis airgeadais an RTB ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe amhail an 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Bhoird

Cuimsítear leis an mBord Cathaoirleach agus suas le 11 ghnáthchomhalta a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhsí athraitheacha agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Leis an tábla thíos sonraítear an fhaisnéis maidir le ceapadh chomhaltaí an Bhoird le linn na bliana féilire 2018.

Comhalta an Bhoird	Ról	Téarma an Bhoird
Catriona Walsh	Cathaoirleach	16 Aibreán 2013 — 30 Aibreán 2019
John FitzGerald	Comhalta	01 Aibreán 2013 — 30 Meán Fómhair 2020
James Leahy	Comhalta	10 Meitheamh 2014 - 31 Bealtaine 2018
Patricia Sheehy Skeffington	Comhalta	31 Bealtaine 2015 - 31 Bealtaine 2018
Tim Ryan	Comhalta	31 Bealtaine 2015 — 31 Bealtaine 2018
Mary O'Donovan	Comhalta	01 Iúil 2016 - 30 Meitheamh 2020
Justin O'Brien	Comhalta	15 Meitheamh 2017 — 30 Meitheamh 2021
Paul White	Comhalta	15 Meitheamh 2017 — 30 Meitheamh 2021
Paddy Gray	Comhalta	01 Iúil 2017 — 31 Iúil 2021
Julia Carmichael	Comhalta	01 Nollaig 2017 — 30 Samhain 2022
Audry Deane	Comhalta	23 Aibreán 2018 — 22 Aibreán 2021
James Doorley	Comhalta	23 Aibreán 2018 — 22 Aibreán 2021

An 11 Eanáir 2019 rinne an Bord measúnú bliantúil ar a éifeachtacht féin le linn 2018 agus déanfaidh sé amhlaidh gach bliain i gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (“Cód 2016”).

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Coistí an Bhoird.

Cuidíonn roinnt Coistí Boird leis an mBord chun a ról maoirseachta a fheidhmiú lena gcuimsítear comhaltaí an bhoird agus baill sheachtracha ag a bhfuil saineolas ar ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Leagann an Bord de chúram ar na Coistí sin chun machnamh grinn a dhéanamh ar chúrsaí áirithe agus soláthraíonn siad comhairle maidir le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear miontuairiscí Chruinnithe an Bhoird chuig an mBord chun an Bord a choinneáil ar an eolas faoi obair na gCoistí.

Déanann an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar Choistí an Bhoird chun a n-éifeachtacht a mheasúnú i gcoinne a dtéarmaí tagartha. i nDeireadh Fómhair 2017, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, rinne an Bord an Coiste Taighde, Oideachais & Feasachta a chealú agus chuir sé Coiste Taighde nua ina ionad, faoi théarmaí tagartha nua. Tháinig an Coiste Taighde le chéile den chéad uair an 23 Bealtaine 2018.

Le linn 2018 bhí na Coistí Boird a leanas i bhfeidhm ag an mBord:

- An Coiste Iniúcháireachta & Riosca
- An Coiste Reachtaíochta
- An Coiste Taighde
- An Coiste um Alt 189

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (“ARC”) comhdhéanta de thriúr comhalta an Bhoird agus beirt bhall seachtrach ag a bhfuil scileanna agus saineolas feidhmiúcháin ar bhainistíocht riosca, ar rialachas agus ar airgeadas. Bhí cúig chruinniú ag an ARC le linn 2018.

Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil. Scaiptear doiciméid agus miontuairiscí chruinnithe an ARC chuig an mBord tar éis gach cruinnithe. Amhail an 31 Nollaig 2018 ba iad baill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Comhaltaí an Bhoird Julia Carmichael (Cathaoirleach), Mary O’Donovan agus Paul White, agus baill seachtracha Shane O’Keeffe agus Paul Dunne. Seo thíos sceideal tinrimh an Choiste le linn 2018.

Ball an Choiste	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
<i>Cruinnithe a Tionóladh</i>	5
Julia Carmichael - Bord	5
Mary O’Donovan - Bord	5
Paul White – Bord	4
Shane O’ Keeffe – ball seachtrach (ceaptha an 12/01/2018)	4
Paul Dunne – ball seachtrach (ceaptha an 12/01/2018)	3
Tim Ryan – Bord (críochnaíodh an téarma 31/05/2018)	2
Dermot Byrne – ball seachtrach (críochnaíodh an téarma 11/01/2018)	1
Earnan O’Cleirigh – ball seachtrach (críochnaíodh an téarma 15/01/2018)	0

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An Coiste Reachtaíochta

Tá an Coiste Reachtaíochta comhdhéanta de cheathrar comhalta an Bhoird agus triúr ball seachtrach agus leagtar de chúram air chun cuidiú leis an mBord cúrsaí reachtaíochta a bhreithniú. Bhí 5 chruinniú aige le linn 2018. Amhail an 31 Nollaig 2018 ba iad baill an choiste sin comhaltaí an Bhoird Catriona Walsh, John Fitzgerald, Justin O'Brien agus James Doorley, agus baill sheachtracha Finian Matthews (Cathaoirleach), Anne Colley, agus Karen Murphy.

Ball an Choiste	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
<i>Cruinnithe a Tionóladh</i>	5
Catriona Walsh (tosaíodh an téarma eatramhach 09/03/2018)	1
John FitzGerald - Bord	3
Patricia Sheehy Skeffington - Bord (críochnaíodh an téarma 0 31/05/2018)	0
Justin O'Brien - Board	5
James Doorley - Bord (tosaíodh an téarma 07/12/2018)	0
Anne Colley - ball seachtrach	4
Finian Matthews - ball seachtrach	5
Karen Murphy -ball seachtrach	5

An Coiste Taighde

Soláthraíonn an Coiste Taighde treoir straitéiseach agus maoirseacht le haghaidh clár taighde an RTB a fhorbairt agus a sheachadadh agus tháinig sé le cheile dhá uair le linn 2018. Amhail an 31 Nollaig 2018 ba iad baill an choiste comhaltaí Boird Paddy Gray (Cathaoirleach), John Fitzgerald, Justin O'Brien agus Audry Deane, agus baill sheachtracha Lorcan Sirr, Christine Whitehead agus John McCartney.

Ball an Choiste	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
<i>Cruinnithe a Tionóladh</i>	2
Paddy Gray - Bord	2
John FitzGerald - Bord	2
Justin O'Brien - Bord	2
Audry Deane - Bord (tosaíodh an téarma 13/12/2018)	0
Lorcan Sirr - ball seachtrach	1
Christine Whitehead - ball seachtrach	2
John McCartney - ball seachtrach	2

An Coiste um Alt 189

Tá an Coiste um Alt 189 comhdhéanta de chomhaltaí uile an Bhoird ar feadh a dtéarmaí oifige mar chomhaltaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní thagann sé le chéile ach de réir mar a theastaíonn ó imthosca atá leagtha amach in alt 189 den Acht chun a bhreithniú cé acu ar cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh do na Cúirteanna le haghaidh faoiseamh idirbhreitheach i gcásanna nuair a líomhnaítear go ndearna tiarnaí talún díbirt mídhleathach. Tháinig an Coiste um Alt 189 le chéile ceithre huair le linn 2018. Tá tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag cruinnithe an Choiste um Alt 189 leagtha amach sa tábla sa chéad chuid eile.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Sceideal Táillí, Tinrimhagus Speansas Chomhaltaí an Bhoird

Le linn 2018 íocadh €151,448 (€211,163 in 2017) le comhaltaí an Bhoird as freastal ar chruinnithe. Áirítear leis an méid sin táillí as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus ar chruinnithe Coistí, as páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna agus in agallaimh, agus as a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar chomhaltaí an Bhoird. Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na táillí. Athraíodh bonn na dtáillí do Chathaoirleach an RTB agus do chomhaltaí an Bhoird le linn 2018 de réir mar atá leagtha amach thíos. Tháinig an t-athrú i bhfeidhm an 24 Iúil 2018.

Seo a leanas sceideal na dtáillí in aghaidh an chruinnithe a bhí i bhfeidhm go dtí an 23 Iúil 2018:

Gníomhaíocht	Cathaoirleach	Comhalta
Cruinnithe an Bhoird, cruinnithe Coistí agus oiliúint	€217	€196
Cruinniú um Dhíospóidí	€509	€329
Binsí	€1,020	€506

Tá sceideal na dtáillí bliantúla a bhí i bhfeidhm ón 24 Iúil 2018 leagtha amach sa tábla thíos. Rinneadh na méideanna a íoc ar bhonn pro rata don tréimhse idir an 24 Iúil 2018 agus an 31 Nollaig 2018.

Gníomhaíocht	Cathaoirleach	Comhalta
An méid bliantúil as obair ar an mBord agus as freastal ar Chruinnithe an Bhoird us ar Chruinnithe Choistí an Bhoird	€8,978	€5,985
An méid bliantúil le haghaidh cruinnithe ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht i dtaca lena ról gar-bhreithiúnach.	€7,700	€5,250

Sna táblaí ar an dá leathanach a leanas leagtar amach táillí agus speansas chomhaltaí an Bhoird in 2018 mar aon le tinreamh chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe le linn na bliana.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Board Member Fees & Expenses 2018

Comhalta Boid	Obair an Bhoird	Díospóidí Táillí	An Binse Cíosa	Oiliúint / Eile	Taisteal & Cothú (T&C)	Iomlán (Táillí & Speansais)
Catriona Walsh	€9,230	€3,054	€0	€0	€0	€12,284
John FitzGerald	€7,463	€12,744	€802	€588	€6,311	€27,908
James Leahy	€588	€8,765	€0	€196	€1,128	€10,677
Patricia Sheehy Skeffington	€588	€0	€680	€0	€0	€1,268
Tim Ryan	€1,568	€8,436	€802	€196	€292	€11,294
Mary O'Donovan	€7,071	€11,248	€0	€588	€3,583	€22,490
Justin O'Brien	€7,485	€12,775	€0	€588	€0	€20,848
Paul White	€6,875	€11,906	€0	€196	€0	€18,977
Paddy Gray	€6,700	€11,906	€0	€196	€7,595	€26,397
Julia Carmichael	€1,435	€0	€0	€196	€0	€1,631
Audry Deane	€5,307	€1,645	€0	€0	€0	€6,952
James Doorley	<u>€5,503</u>	<u>€4,128</u>	<u>€0</u>	<u>€0</u>	<u>€30</u>	<u>€9,661</u>
Iomlán	€59,813	€86,607	€2,284	€2,744	€18,939	€170,387

I gcomhréir leis an bprionsabal um 'Dhuine Amháin, Tuarastal Amháin', cuireadh deireadh le táillí a íoc leis an Uasal Julia Carmichael ó Mheitheamh 2018 ar aghaidh.

I gcomhréir le treoirínite na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, aisíocadh méid iomlán de €18,939 le comhaltaí an bhoird maidir le costais taistil agus chothaithe a tabhaíodh as freastal ar chruinnithe agus ar oiliúint.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Tinreamh agus Táillí Chomhaltaí an Bhoird in 2018

Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe in 2018

Comhalta Boid	Cruinnithe Boid	Cruinniú um Dhíospóidí an Bhoird	Cruinniú Choiste Alt 189	An Binse Cíos	An Coiste Iniúcháireachta & Riosca	An Coiste Reachtaíochta	An Coiste Taighde	Iomlán (Táillí & Speansais)
<i>Cruinnithe a Tionóladh</i>	12	46	4	2	5	5	2	
Catriona Walsh	12	12	2			1		€12,284
John FitzGerald	12	42	4	2		3	2	€27,908
James Leahy ¹	3	25	1					€10,677
Patricia Sheehy Skeffington ¹	3			2				€1,268
Tim Ryan ¹	6	24		2	2			€11,294
Mary O'Donovan	9	37	3		5			€22,490
Justin O'Brien	11	43	3			5	2	€20,848
Paul White	10	38	1		4			€18,977
Paddy Gray	11	43	2				2	€26,397
Julia Carmichael	9	1	1		5			€1,631
Audry Deane ²	6	11	1					€6,952
James Doorley ²	7	16	3					<u>€9,661</u>
Táillí Iomlána								€170,387

¹ Chuaigh téarmaí Boid James Leahy, Patricia Sheehy-Skeffington, agus Tim Ryan an 31 Bealtaine 2018.

² Thosaigh téarmaí Boid Audry Deane agus James Doorley an 23 Aibreán 2018.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An Coiste Réitigh Díospóidí

Is é an Coiste Réitigh Díospóidí (“DRC”) an painéal as a dtarraingítear baill na mBinsí Tionóntachta ar a bhfuil triúr mar bhaill. Ós rud é nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí binse ach ar phointe an dlí faoi bhráid na hArd-Chúirte, tá feidhm ghar-bhreithiúnach thábhachtach ag baill an DRC. Bhí 618 n-éisteacht bhinse ann in 2018. Sa tábla thíos taispeántar na híocaíochtaí a rinneadh le baill an Bhinse in 2018.

Baill an Bhinse			
Ball an Phainéil	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Andrew Nugent	€18,380	€980	€19,360
Anne Leech	€17,519	€1,176	€18,695
Brian Murray	€20,598	€0	€20,598
Ciara Doyle	€21,977	€980	€22,957
Claire Millrine	€9,027	€0	€9,027
Dairine MacFadden	€29,073	€980	€30,053
Dervla Quinn	€32,899	€980	€33,879
Donald Menzies	€24,498	€784	€25,282
Elizabeth Maguire	€13,947	€784	€14,731
Eoin Byrne	€38,987	€392	€39,379
Finian Matthews	€27,825	€980	€28,805
Fintan McNamara	€26,399	€588	€26,987
Grainne Duggan	€5,095	€196	€5,291
Healy Hynes	€28,590	€588	€29,178
Helen Claire O'Hanlon	€26,903	€196	€27,099
Hugh Markey	€18,543	€1,176	€19,719
Jack Nicholas	€11,043	€0	€11,043
James Egan	€24,029	€588	€24,617
John Conran	€8,672	€1,176	€9,848
John Keane	€24,203	€784	€24,987
John Keaney	€27,247	€1,176	€28,423
Karen Ruddy	€17,707	€392	€18,099
Kevin Baneham	€15,017	€980	€15,997
Louise Moloney	€25,721	€784	€26,505
Mary Doyle	€16,819	€784	€17,603
Mary H. Morris	€506	€392	€898
Maureen Cronin	€16,496	€784	€17,280

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Mervyn Hickey	€11,880	€0	€11,880
Michael Vallely	€19,085	€784	€19,869
Michelle O’Gorman	€24,876	€1,176	€26,052
Monica Brennan	€10,564	€392	€10,956

Ball an Phainéil	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Nesta Kelly	€28,586	€1,176	€29,762
Niall Buckley	€4,422	€0	€4,422
Owen Donnelly	€6,473	€0	€6,473
Peter Shanley	€14,460	€196	€14,656
Roderick Maguire	€16,512	€0	€16,512
Rosemary Healy Rae	€24,542	€392	€24,934
Simon Noone	€1,195	€0	€1,195
Siobhan Phelan	€5,103	€784	€5,887
Suzy Quirke	€17,002	€980	€17,982
Vincent P. Martin	<u>€17,882</u>	<u>€1,176</u>	<u>€19,058</u>
Iomlán	€750,302	€25,676	€775,978

Painéal na mBreithneoirí agus na nEadránaithe

Is feidhm thábhachtach í de chuid an RTB seirbhís réitigh díospóidí a sholáthar do thiarnaí talún, do thionóntaí agus do thríú páirtithe. D’fhonn neamhchlaontacht a áirithiú sa phróiseas réitigh díospóidí, ceaptar na breithneoirí agus na headránaithe ar ár bpainéal go neamhspleách, agus cuireann siad a gcuid feidhmeanna chun feidhme i gcáil neamhspleách. Íoctar táille chomhréidh de €616 in aghaidh an lae le breithneoirí maidir le trí éisteacht, nó íoctar €616 maidir le trí eadráin ar an teileafón nuair a chomhaontaíonn an dá pháirtí chun an próiseas eadrána a thosú. Sa tábla thíos taispeántar na híocaíochtaí a rinneadh le Breithneoirí/Eadránaithe le haghaidh 2018.

Breithneoirí/Eadránaithe			
Ball an Phainéil	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Angela Becker	€37,576	€784	€38,360
Brian Whelan	€65,296	€1,596	€66,892
Catherine McGuigan	€2,464	€392	€2,856
Catriona O’Connor	€46,200	€392	€46,592
Chris McDermott	€17,092	€196	€17,288
Ciara Fitzgerald	€16,016	€392	€16,408
Cynthia Lennon	€29,568	€784	€30,352
David Duncan	€67,144	€784	€67,928
Deirdre McGowan	€1,232	€0	€1,232
Denis Kelliher	€9,240	€196	€9,436

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Dermot Sheehan	€36,344	€784	€37,128
Eithne Corry	€12,936	€0	€12,936
Emma Synnott	€11,704	€392	€12,096
Frank Brady	€61,600	€392	€61,992
Gerard N Murphy	€49,280	€196	€49,476
Laura Farrell	€40,656	€525	€41,181
Lauren Tennyson	€33,880	€196	€34,076
Ball an Phainéil	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Linda Brophy	€31,416	€392	€31,808
Louise Beirne	€25,256	€588	€25,844
Mark Kane	€64,064	€196	€64,260
Mema Byrne	€29,568	€784	€30,352
Órla Ryan	€24,640	€588	€25,228
Sarah Brophy	€46,200	€392	€46,592
Shaun Smyth	€49,280	€917	€50,197
Simon Brady	€51,128	€392	€51,520
Stephen Brady	€6,160	€0	€6,160
Steven Dixon	€71,456	€392	€71,848
Susan Fay	€19,712	€588	€20,300
Thomas Dowling	<u>€3,080</u>	<u>€0</u>	<u>€3,080</u>
Iomlán	€960,188	€13,230	€973,418

Príomhathruithe ar an mBord agus ar Phearsanra

Chuaigh téarmaí oifige de thriúr ball an Bhoird in éag in 2018. Cheap an tAire beirt chomhaltaí nua don Bhord le linn na bliana i gcomhréir lena chuid cumhachtaí faoin Acht. Tá na hathruithe sin ar an mBord taispeánta sa tábla thuas dar teideal Structúr an Bhoird.

Le linn na bliana, chuir Stiúrthóir an RTB ról nua de Leas-Stiúrthóir (AID) lena foireann bainistíochta sinsearaí ag a bhfuil freagracht as Clárúcháin, as Seachfhoinsíú agus as Seirbhís do Chustaiméirí.

Nochtuithe a Éilítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an RTB riachtanais Chód 2016 de réir mar atá foilsithe ag arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe a leanas de réir Chód 2016::

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Íocadh sochair gearrthéarmacha le seisear na foirne de mhéid níos mó ná €60,000 an duine in 2018. Déantar anailís ar na híocaíochtaí i Nóta 4a de Ráitis Airgeadais 2018 an RTB. Chun críocha an nocht seo, áirítear le sochair gearrthéarmacha a íocadh le fostaithe in 2018 tuarastail, íocaíochtaí ragoibre agus íocaíochtaí eile a íocadh le fostaithe agus níl ÁSPC fostóra san áireamh leo.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' leo.

Comhairleacht	2018	2017
Comhairle Dlí	€55,308	€64,893
Comhlíonadh GDPR	€60,512	€0
Cumarsáid & Taighde	€13,380	€12,509
Pleanáil Straitéiseach	€9,194	€14,238
Pleanáil um an Lucht Saothair	€73,247	€0
Acmhainní Daonna & Pinsin	€0	€3,321
Feabhsuithe Léasachta (Caipitlithe)	<u>€18,058</u>	<u>€0</u>
Iomlán	€229,699	€94,961

Ní dhearnadh aon chostais chomhairleachta a chaipitliú le linn 2017, ach rinneadh €18,058 de tháillí ailtireachta agus de tháillí eile a chaipitliú in 2018, áfach, a tabhaíodh trí spás oifigí breise a áitiú .

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Sa tábla thíos soláthraítear miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas dlíthiúil in 2018. Is é an príomhrud atá taobh thiar de na costais dlí don RTB ná ár gcuid bhfeidhmeanna a chur chun feidhme faoin Acht lena n-áirítear réiteach díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí, dlíthíocht nuair is gá chun Ordú an RTB a fhorfheidhmiú, agus ionchúiseamh i gcásanna tionóntachtaí neamhchláraithe. Áirítear leis an tábla seo costais dlí a tabhaíodh d'fhonn reachtaíocht eile a chomhlíonadh agus cosaint sonraí, dlí fostaíochta, agus saoráil faisnéise san áireamh, agus a bhaineann le réachtáil laethúil na heagraíochta. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an RTB, rud atá nocht faoi Chostais chomhairleachta thuas.

Costais Dlí agus Socraíochtaí	2018	2017
Athbhreithniú Breithiúnach	€0	€0
Forfheidhmiú Clárúchán	€11,357	€37,762
Forfheidhmiú Orduithe	€836,040	€997,937
Achomhairc	€211,151	€192,641
Riarachán Ginearálta	€305,768	€285,383
Tacaíocht Dhlíthiúil Eile	<u>€361,750</u>	<u>€298,366</u>
Iomlán	€1,726,066	€1,812,089

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar atá thíos:

	2018	2017
Taisteal agus Cothú		
Foireann an RTB agus Foireann ar Iasacht	€17,143	€17,903
Comhaltaí an Bhoird	€18,939	€24,120
Baill an Bhinse, Breithneoirí agus Eadránaithe	<u>€40,130</u>	<u>€45,321</u>
Iomlán	€76,212	€87,344

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

As méid na bliana reatha a bhaineann le foireann agus le foireann ar iasacht an RTB, baineann €706 de le taisteal idirnáisiúnta (2017: €530). Níor íocadh aon chostais thaistil le baill na bpainéal nó le comhaltaí an Bhoird sa dá bhliain. Íoctar caiteachas taistil agus cothaithe uile i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear le caiteachas ar fháilteachas sólaistí a cuireadh ar fáil le haghaidh seisiún faisnéise arna n-óstáil ag an RTB d'fhonn a shainordú a chomhlíonadh chun imeachtaí oideachais agus feasachta a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Déantar an caiteachas a chatagóiriú thíos.

Caiteachas ar Fháilteachas	2018	2017
Fáilteachas Foirne	€3,144	€1,013
Imeachtaí Oideachais agus Feasachta	€ 9,824	€7,729
Iomlán	€12,968	€8,742

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an chóid a chinntiú. Rinne an lucht bainistíocht obair shuntasach le linn 2018 chun Cód 2016 a chomhlíonadh. Rinneadh an obair sin faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, a thugann aitheantas do na hiarrachtaí a rinneadh in 2018 agus a bhí sásta go raibh Cód 2016 comhlíonta ag an eagraíocht faoi dheireadh 2018.



Tom Dunne
Cathaoirleach

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019



Rosalind Carroll
Stiúrthóir

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Freagracht as an gCórasum Rialú Inmheánach

As Chairperson of the Residential Tenancies Board (“RTB”), I acknowledge the Board’s responsibility for ensuring that an effective system of internal control is maintained and operated. In considering the effectiveness of the system of internal control, the Board has regard, amongst other things, to the requirements of the *Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016)*, hereafter referred to as the “2016 Code” and any associated regulatory or legislative requirements.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal réasúnta comhaontaithe ar aon dul le ráiteas inghlacthachta riosca na heagraíochta seachas chun é a dhíothú. Ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a thabhairt leis an gcóras go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhsí tráthúla.

Bhí an córas um rialú inmheánach atá sonraithe sa ráiteas seo, agus atá i gcomhréir le treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den RTB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Bord an RTB freagrach as a áirithiú go mbíonn córas éifeacht um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an RTB. Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (“ARC”), atá comhdhéanta de thriúr comhalta an Bhoird agus beirt bhall seachtrach ag a bhfuil scileanna agus saineolas ar bhainistíocht riosca, ar rialachas agus ar airgeadas, leis an mBord. Tháinig an ARC le chéile cúig huairé in 2018.

Rinne an Bord údarás feidhmiúcháin a tharmligean don Stiúrthóir, agus in éineacht lena foireann bainistíochta sinsearaí, oibríonn sí creat bainistíochta riosca an RTB agus tuairiscíonn sí maidir le riosca ag gach cruinniú an Bhoird nó idir na cruinnithe, de réir mar is gá.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an RTB atá curtha ar fáil ag gnólacht seachtrach i gcomhréir leis an gclár iniúchta inmheánaigh a leagann an ARC síos ar bhonn bliantúil. In 2018 rinneadh dhá iniúchadh inmheánach a chlúdaigh bainistíocht riosca agus an próiseas um íocaíochtaí gar-bhreithiúnacha, agus rinneadh athbhreithniú ar an dá cheann acu ag an ARC. Ag deireadh 2018, rinne an ARC maoirseacht ar aimsiú soláthraí seirbhíse nua don iniúchadh inmheánach. Nuair a ceapadh iad rinne an soláthraí nua anailís mhionsonraithe ar thimpeallacht riosca an RTB agus chuir siad dréachtphlean iniúchta bliana agus trí bliana arna fhaomhadh ag an ARC. Déanfaidh an ARC maoirseacht ar sheachadadh i gcoinne an phlean sin agus molfaidh siad athruithe ar an bplean más gá.

Le linn 2018, chuir an RTB méid measartha oibre i gcrích d’fhonn a chreat bainistíochta riosca agus a chleachtais rialachais a fhorbairt i gcomhréir le Cód 2016. Leanfaidh an ARC chun forbairtí sa réimse sin a mhaoirsiú i gcomhréir le tosaíochtaí an RTB.

I mí an Mheithimh 2018 d’fhaomh an Bord Beartas Bainistíochta Riosca lena leagtar síos sraith próiseas chun an cultúr bainistíochta riosca a dhaingniú agus a fheabhsú san eagraíocht. Rinneadh an beartas a fhorbairt le maoirseacht agus le treoir ón ARC.

I mí na Nollag 2018 d’fhaomh an Bord Ráiteas um Inghlacthacht Riosca, rud a úsáidfidh an Bord chun a áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha agus go ndéanfaidh lucht bainistíochta an RTB sárúithe ar rioscaí arna leagan síos ag an mBord a thuairisciú gan mhoill. Déanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an Ráiteas um Inghlacthacht Riosca ar bhonn bliantúil ar a laghad

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

D'áirithigh an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí go raibh nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm d'fhonn riosca a thiocthadh chun cinn a aithint, riosca a mheasúnú agus a bhainistiú ó pheirspictíocht straitéiseach agus oibríochtúil, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Bheartais um Bainistíocht Riosca agus an Ráitis um Inghlacthacht Riosca

Tá an Bord ag súil go leanfaidh an tréimhse d'athrú suntasach trína ndeachaigh an RTB le roinnt blianta anuas ar aghaidh in 2019 agus ina dhiaidh sin de réir mar a leathnófar sainchúram na heagraíochta agus de réir mar a méadófar a cumhachtaí rialála le reachtaíocht nua atá molta ag an Rialtas don earnáil um thionóntachtaí cónaithe. Leanfaidh an Bord chun maoirseacht a dhéanamh ar chóras an rialaithe inmheánaigh agus ar bhainistíocht riosca agus áiritheoidh sé go ndéanfar é a fhorbairt ar aon dul le forbairt an RTB sa toadhcháil.

Creat Riosca agus Rialaithe

Clár Rioscaí

Coimeádann an RTB clár um riosca corparáideach lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint, lena ndéantar iad a mheasúnú agus córas scórála bunaithe ar riosca á úsáid, agus lena sainaithnítear na rialuithe atá i bhfeidhm agus na bearta a theastaíonn chun na rioscaí a laghdú nó a n-iarmaid a mhaolú. Déanann an lucht bainistíochta an clár a ullmhú agus athbhreithnítear é go tréimhsiúil ag an ARC agus ag an mBord. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áiritiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Rialú Inmheánach

Tá córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca ag an RTB atá deartha chun príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun tabhairt fúthu, agus nuair is gá, iad a mhaolú.

Seo a leanas príomhghnéithe an chórais:

- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir agus lena mbaineann leithscaradh dualgas agus teorainneacha údarais arna sannadh ag an mBord
- Plean straitéiseach, atá faofa ag an mBord, lena dtreoirítear an plean bliantúil agus an buiséad bliantúil
- Buiséad bliantúil agus agus plean gnó bliantúil do gach stiúrthóireacht, atá faofa ag an mBord, mar aon le tuairisciú míosúil nó ráithiúil ar athruithe suntasacha ar an bplean
- Beartais agus nósanna imeachta atá doiciméadaithe lena gclúdaítear príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord iad a athbhreithniú agus a fhaomhadh ar bhonn tréimhsiúil
- Teorainneacha agus údarás sainithe le haghaidh caiteachas airgeadais lena n-áirítear fáil earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipitiúil, arna bhfaomhadh ag an mBord
- Cuntais bhainistíochta mhíosúla arna n-ullmhú agus arna gcur faoi bhráid an Bhoird
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir sna réimsí a bhaineann le bainistíocht riosca, athbhreithniú ar chlár na rioscaí, ar inghlacthacht riosca, ar thuairisciú ar rioscaí agus ar fhorbairt beartas
- Roinnt Coistí eile de chuid an Bhoird a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad sin liostaithe sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird
- Beartais lena gclúdaítear calaois, sláinte agus sábháilteacht agus réimsí príomhriosca eile mar aon le cód iompraíochta don Bhord, d'oifigigh agus don fhoireann
- Beartais agus nósanna imeachta lena gclúdaítear feidhmíocht na foirne, oiliúint, agus oideachas leanúnach
- Beartas agus plean um sholáthar ar a ndéantar athbhreithniú agus a dhéantar a fhaomhadh ag an mBord ar bhonn bliantúil
- Feidhm Iniúchta Inmheánaí lena ndéantar athbhreithniú ar phróisis, ar chórais agus ar rialuithe arna sainaithint agus a thuairiscíonn ar a cuid oibre don Bhord
- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) a phléann le saincheisteanna rialaithe suntasacha ar bith a

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

tharraingítear anuas ag an Iníúchadh Inmheánach, ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, nó ag athbhreithnithe seachtracha eile

- Déanann an lucht bainistíochta clár rioscaí a ullmhú agus athbhreithnítear é go tréimhsiúil ag an ARC agus ag an mBord
- Tuairisciú ar mhéideanna na gcustaiméirí agus ar ghníomhaíocht inár gcuid oibríochtaí intí agus seachfhoinsithe lena dtaifeadtar feidhmíocht i gcoinne caighdeáin seirbhísí agus lena spreagtar idirghabháil ón lucht bainistíochta
- Suirbhéanna ar chustaiméirí agus aiseolas uathu as a mbainimid úsáid chun saincheistanna a shainaithint a bhaineann le seachadadh ár seirbhísí agus chun tabhairt fúthu
- Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht TFC a chosaint ar bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise atá i seilbh againn a áirithiú

Coistí an Bhoird.

Cuidíonn roinnt Coistí Boird leis an mBord chun a ról maoirseachta a fheidhmiú lena gcuimsítear comhaltaí an bhoird agus baill sheachtracha ag a bhfuil saineolas ar ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Leagann an Bord de chúram ar na Coistí chun machnamh grinn a dhéanamh ar chúrsaí áirithe agus soláthraíonn siad comhairle d'fhonn cuidiú le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear miontuairiscí gach cruinnithe an Bhoird don Bhord roimh an gcéad chruinniú eile de chuid an Bhoird. Áirítear sonraí faoi na Coistí a bhí ag feidhmiú in 2018 sa Ráiteas Rialachais & i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

Córas Bainistíochta Riosca

Déantar riosca a bhainistiú agus trí líne de shamhail na cosanta á n-úsáid. Is í an chéad líne foireann bhainistíochta an RTB a bhfuil freagracht phríomhúil aici as riosca agus rialú inmheánach a bhainistiú ina réimsí freagrachta. Tacaítear leo ag feidhmeanna rialaithe an RTB (Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, agus Soláthar) agus is iadsan an dara líne. Tá tríú líne na cosanta comhdhéanta de na comhlachtaí seachtracha a dhéanann an córas a athbhreithniú. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar chóras foriomlán an rialaithe inmheánaigh de chuid an RTB ag ár seirbhís Iníúchta Inmheánaigh agus, laistigh de cheanglais rialachais Chód 2016, ag Coiste Iníúcháireachta & Riosca an Bhoird.

Tá freagrachtaí atá sainithe go soiléir ag na bainisteoirí i réimsí uile an RTB as a gcuid ról a fheidhmiú agus tá scileanna iomchuí ag an bhfoireann agus tugtar tacaíocht dóibh trí oiliúint. Déantar an méid lena bhfuiltear ag súil ó bhainisteoirí agus ón bhfoireann a leagan síos agus a mhonatóiriú tríd an gcóras bainistíochta um feidhmíocht fostaithe. Soláthraítear oiliúint do bhaill na foirne nuair a ghlacann siad le ról agus nuair a saináithnítear riachtanais oiliúna speisialta tacaíonn an roinn Acmhainní Daonna leis na riachtanais sin.

Sa bhreis ar fhoireann ar phá an RTB, tacaíonn ionad cúraim custaiméirí seachfhoinsithe le seirbhísí do chustaiméirí agus soláthraíonn sé mórchuid de sheirbhísí na líne tosaigh do chustaiméirí. Áirítear le rialuithe inmheánacha don tseirbhís sin ceanglais fhollasacha um chomhaontuithe seirbhíse, athbhreithnithe rialta ar cháilíocht, tuarascálacha rialta ar feidhmíocht agus ar cháilíocht, agus cruinnithe seachtainiúla, míosúla agus ráithiúla idir an soláthraí agus lucht bainistíochta an RTB. Tá próiseas dearbhaithe cáilíochta ar leith i bhfeidhm laistigh den RTB d'fhonn dearbhú a sholáthar don lucht bainistíochta agus don Bhord go bhfuil riachtanais na gcustaiméirí á gcomhlíonadh ar bhealach tráthúil agus gairmiúil. Is próiseas dinimiciúil an t-athbhreithniú agus an mhonatóireacht a dhéantar ar obair seachfhoinsithe uile agus ní mór gach riosca a thagann chun cinn a thaifeadadh agus a chur in iúl don lucht bainistíochta, don ARC, agus don Bhord.

Tá beartais i bhfeidhm ag feidhmeanna rialaithe, amhail Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, agus Soláthar chun riosca a rialú ina réimsí freagrachta agus chun treoir agus maoirseachta a sholáthar i réimsí oibríochtúla d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar dlíthe, rialúcháin, agus beartas infheidhme. Déanann na haonaid sin athbhreithnithe rialta d'fhonn a áirithiú go bhfuil foireann agus bainisteoirí ar fud na heagraíochta ag cloí leis na beartais sin agus ardaíonn siad sáruithe tromchúiseacha trí lucht ceannais na bainistíochta ionas gur féidir beart

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

ceartaitheach a dhéanamh.

Struchtúr na hEagraíochta

Tá an Stiúrthóir i gceannas ar fhoireann an RTB agus d'eagraigh sí oibríochtaí an RTB ina n-ocht stiúrthóireachtaí agus Leas-Stiúrthóir ag a bhfuil taithí i gceannas ar gach ceann acu. Seo a leanas na stiúrthóireachtaí: Díospóidí & Binsí; Clárú & Forfheidhmiú um Dhíospóidí; Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha; TFC; Clárúcháin & Seirbhísí Custaiméirí; Tionscadail Straitéiseacha & Soláthar; Cumarsáid & Taighde; Airgeadas, Rialachas, agus Bainistíocht Riosca. Mar fhreagairt ar ról athraitheach an RTB, le linn 2018 chuir an Stiúrthóir lena foireann bhainistíochta sinsearaí agus d'atheagraigh sí freagrachtaí ar fud na stiúrthóireachtaí d'fhonn na héilimh mhéadaithe ar an RTB a chomhlíonadh mar thoradh ar athruithe san earnáil um thionóntachtaí cónaithe.

Chomh maith leis sin in 2018, d'fhostaigh an RTB gnólacht seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar a struchtúr soláthair foirne agus bainistíochta i bhfianaise na n-athruithe san earnáil agus na n-éileamh ar sheirbhísí an RTB atá ag dul i méid. Ba é an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin plean nua i dtaca leis an lucht saothair lena dtreorófar cinntí a bhaineann le leibhéal na foirne agus struchtúr na bainistíochta a bheidh i bhfeidhm ag an RTB thar roinnt blianta le teacht.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Le linn 2018, d'fhaomh an tAire Plean Straitéiseach 2018 — 2022 an RTB lena gcorpraítear sainordú athraithe an RTB agus an méid lena bhfuiltear ag súil inár leith i Straitéis an Rialtais le haghaidh na hEarnála um Thithíochta Ar Cíos. Cruthaíodh an plean straitéiseach le hionchur nach beag ón mBord agus forbraíodh é ag an Stiúrthóir agus ag a foireann shinsearach le cúnamh ó chomhairleoirí seachtracha.

Cuirtear plean gnó bliantúil agus buiséad bliantúil atá cuimsitheach i bhfeidhm gach bliain ina mbíonn cuspóirí oibiachtúla agus airgeadais do na réimsí gnó uile a spreagtar ag na spriocanna sa phlean straitéiseach. Déanann an lucht bainistíochta agus an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid ar bhonn míosúil agus déanann siad athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean ghnó ar bhonn ráithiúil.

Táirgeann an lucht bainistíochta sraith de thuarascálacha feidhmíochta agus cáilíochta maidir le hoibríochtaí inti agus soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe an RTB. Baineann an lucht bainistíochta úsáid astu sin chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí iarbhir i gcoinne leibhéal seirbhíse chomhaontaithe agus caighdeán cháilíochta. Nuair a shaináithnítear saincheisteanna sna tuarascálacha ardaítear iad chuig an lucht bainistíochta sinsearaí ionas go nglacfaí beart iomchuí.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe, chun tabhairt faoi laigí rialaithe, agus chun saincheisteanna a chur in iúl don lucht bainistíochta sinsearaí agus don Bhord de réir mar a thagann siad chun cinn agus ar bhonn tráthúil. Leanfaidh an Bord de mhaoirseacht a sholáthar ar an gcóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh atá á fhorbairt ag an RTB agus bainfidh sé leas as tacaíocht na gCoistí dá chuid agus as comhairleoirí seachtracha chun a ról maoirseachta a chomhlíonadh.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Aibhsítear nithe a thagann aníos maidir le rialuithe ar sholáthar faoi na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an RTB chun éifeachtacht na timpeallachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an RTB ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag an ARC a dhéanann a gcuid oibre a mhaoirsiú, ag an mBord, agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018. Seachas na ceisteanna soláthair atá sonraithe thíos, dearbhaím nach ndearnadh aon laigí ábhartha a shainaithint sna rialuithe inmheánacha maidir le 2018 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Le linn 2018 chaith an RTB €1.1 milliún ar earraí agus ar sheirbhísí nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair leis na nósanna imeachta a úsáideadh.

Chaith an RTB €0.5 milliún ar tháillí dlíthiúla nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair. Bhain an méid neamhchomhlíontach in 2018 le caiteachas sula ndearnadh conradh nua um sheirbhísí dlíthiúla a dhámhachtain. Ó dhámhachtain an chonartha sin i Márta 2018 chomhlíon an RTB treoirlínte soláthair maidir le seirbhísí dlíthiúla ina n-iomláine.

Chaith an RTB €0.6 milliún ar earraí agus ar sheirbhísí eile nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair ina n-iomláine. Caitheadh mórchuid an chaiteachais sin ar sheirbhísí a ndearnadh soláthar ina leith a chlúdach ina dhiaidh sin mar chuid d'íarrachtaí an RTB chun a nósanna imeachta soláthair a dhéanamh comhlíontach.

Cuireadh de chúram ar an Stiúrthóireacht um Thionscadail Straitéiseacha & Soláthar chun a áirithiú go gcomhlíonann an RTB rialacha soláthair ar bhonn leanúnach agus chun ár monatóireacht ar sholáthar neamhchomhlíontach agus an tuairisciú do pháirtithe leasmhara a fheabhsú. Leanfaimid chun tús áite a thabhairt do luach ar airgead, do dhea-chleachtas agus do chomhlíonadh iomlán na dtreoirlínte soláthair de réir mar a leanann an eagraíocht chun a forbairt sa toadhcháil.



Tom Dunne
Cathaoirleach

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019



Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 178 den

Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Cuimsítear leis na ráiteas airgeadais

- ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasáíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid le haghaidh 2018 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na Tuairime

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé Neamhspleách ar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar leis mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le nithe áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Soláthar Neamhchomhlíontach

Sa ráiteas ar rialú inmheánach tá sé nochtta go raibh neamhchomhlíontacht ar leibhéal ábhartha ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe in 2018 maidir leis na treoirlínte soláthair agus na bearta arna nglacadh ag an mBord chun tabhairt faoin ábhar.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Deireadh Fómhair 2019

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá leagtha amach sa ráiteas um rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004
- chun a áirithiú go dtugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- chun a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an bonn gnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhí-ráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe a iniúchadh agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam tríd an t-iniúchadh a dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhí-ráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann mí-ráiteas ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann mí-ráitis éirí ó chalaos nó earráid agus meastar ábhartha iad más féidir, agus iad ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, tátal a bhaint go réasúnta go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainiúim agus measúnaim na rioscaí go ndéanfaí tuairisciú neamhchruinn ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn le mo thuairim a sholáthar. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó sárú na rialála inmheánaí a bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar an rialáil inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí sna tosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
 - Bainim tátal as oiriúnacht úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá barr faoi chumas an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim tátal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin leordhóthanach, chun mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le

scor an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe de leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar an láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na rudaí a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar shainchúram acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme beartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus thorthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin a dhéanamh, déanaim machnamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí mí-ráite go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éilítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ghnóthas eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha a bheith ann nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun críocha a ceapadh dó nó nuair nach raibh idirbhearta ag géilleadh do na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

Tuairiscím trí eisceacht freisin má tharla na rudaí a leanas, i mo thuairim,

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntais

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

	Nótaí	Bliain Dar Críoch	Bliain Dar Críoch
		31 Nollaig 2018 €	31 Nollaig 2017 €
Ioncam			
Táillí clárúcháin	2	11,067,586	11,843,235
Táillí um Dhíospóidí		163,080	124,737
Ioncam eile	3	47,042	109,445
Maoiniú ón státchiste (Vóta 34, fotheideal A.10)		5,340,000	2,329,180
Maoiniú pinsin iarchurtha	11c	469,000	784,000
Aistriú (ó)/chuig cuntas caipitil	9	(1,365,969)	467,522
Fo-iomlán			
Táillí clárúcháin		<u>15,720,739</u>	<u>15,658,119</u>
Caiteachas			
Costais foirne	4a	2,866,331	2,413,647
Costais maidir le comhaltaí Boird agus baill na bpainéal	4b	1,959,913	1,908,239
Costais riaracháin	4c	8,236,998	7,454,734
Costais Phinsin	11a	553,072	891,537
Dímheas	5	425,193	553,236
Fo-iomlán		<u>14,041,507</u>	<u>13,221,393</u>
Barrachas / (easnamh) don bhliain		<u>1,679,232</u>	<u>2,436,726</u>
Barrachas Carntha amhail an 1 Eanáir		3,414,942	978,216
Barrachas Carntha amhail an 31Nollaig		5,094,174	3,414,942

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 15ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Rosalind Carroll
Stiúrthóir
Date: 04 October 2019



Tom Dunne
Cathaoirleach
Date: 04 October 2019

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	Nótaí	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2018 €	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2017 €
Barrachas / (easnamh) don bhliain		1,679,232	2,436,726
Caillteanas ó thaithí ar dhliteanas na scéime pinsin	11d	(37,000)	(142,000)
Athruithe ar bhoinn tuisceana atá mar bhunús le luach reatha dhliteanas na scéime pinsin	11e	<u>347,000</u>	<u>(83,000)</u>
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta	11b	310,000	(225,000)
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha		<u>(310,000)</u>	<u>225,000</u>
Barrachas / (easnamh) iomlán aitheanta don bhliain		<u>1,679,232</u>	<u>2,436,726</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Rosalind Carroll
Stiúrthóir

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019



Tom Dunne
Cathaoirleach

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An Ráiteas ar Staid an Airgeadais


	Nótaí	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2018 €	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2017 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	5	3,187,712	1,821,743
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	6	379,641	230,341
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		<u>8,638,465</u>	<u>6,371,717</u>
		9,018,106	6,602,058
Suimeanna Iníoctha			
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	7	(3,923,932)	(3,187,116)
		5,094,174	3,414,942
Glansócmhainní Reatha			
		8,281,886	5,236,685
Glansócmhainní Roimh Phinsin			
Maoiniú pinsin iarchurtha	11c	6,145,000	5,901,000
Dliteanais na scéime pinsin	11b	<u>(6,145,000)</u>	<u>(5,901,000)</u>
Glansócmhainní Iomlána			
		<u>8,281,886</u>	<u>5,236,685</u>
Lena léirítear			
Barrachas Carntha	8	5,094,174	3,414,942
Cuntas Caipitil	9	<u>3,187,712</u>	<u>1,821,743</u>
		<u>8,281,886</u>	<u>5,236,685</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Rosalind Carroll
Stiúrthóir

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019



Tom Dunne
Cathaoirleach

Dáta: 04 Deireadh Fómhair 2019

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Statement of Cash Flows

	Nótaí	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2018 €	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2017 €
Réiteach an Barrachais Oibriúcháin leis an nGlan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí			
Barrachas / (Easnamh) oibriúcháin don bhliain		1,679,232	2,436,726
Dímheas	5	425,193	553,236
Ús a tuilleadh		(29,651)	(30,245)
Aistriú (ó) /chuig an gcuntas caipitil	9	1,365,969	(467,522)
(Méadú) /laghdú ar Infháltais		(149,300)	(187,010)
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha		<u>736,816</u>	<u>(1,414,126)</u>
Eis-sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>4,028,259</u>	<u>891,059</u>
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh / (Eis-sreabhadh glan) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>4,028,259</u>	<u>891,059</u>
Torthaí ar Infheistíocht agus ar Fhónamh ar Airgeadas			
Ús faighte		29,651	30,245
Glan-chaiteachas Caipitiúil			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	5	<u>(1,791,162)</u>	<u>(85,714)</u>
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid		<u>2,266,748</u>	<u>835,590</u>

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha roimhe seo) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus tá a cheannoifig aige ag Sráid D’Olier, Baile Átha Cliath 2. Athraíodh ainm an Bhoird chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) in 2016 chun a léiriú go ndearnadh a shainchúram a leathnú chuig earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Sa bhreis air sin, le linn 2016 aistríodh feidhmeanna an Bhinse Chíosa chuig an RTB.

Seo a leanas feidhmeanna príomhúla an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe de réir mar atá siad leagtha amach san Acht de 2004 (arna leasú):

- a) díospóidí idir tionóntaí agus tiarnaí talún a réiteach
- b) sonraí a chlárú maidir le tionóntachtaí
- c) comhairle a sholáthar don Aire maidir le beartas a bhaineann leis an earnáil tithíochta cónaithe ar cíos
- d) treoirlínte a fhorbairt agus a fhoilsiú le haghaidh dea-chleachtais acu siúd a bhfuil baint acu leis an earnáil tithíochta cónaithe ar cíos
- e) faisnéis a bhailiú agus a sholáthar a bhaineann leis an earnáil, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le leibhéil an chíos a atá i réim
- f) nuair a mheasann an Bord go bhfuil sé iomchuí, taighde a dhéanamh ar an earnáil agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú ghnéithe éagsúla na hearnála nó socrú a dhéanamh go ndéanfar a leithéid de thaighde agus de mhonatóireacht
- g) athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta agus ar aon achtacháin ghaolmhara agus moltaí a dhéanamh don Aire maidir le leasú an Achta nó na n-achtachán sin
- h) chun a dhearbhu don Aire má chomhlíonann limistéar maidir le crios brú cíosa de réir mar atá sainmhínithe san Acht
- i) aon fheidhmeanna breise a thugtar don Bhord faoin Acht a chur chun feidhme.

Is Eintiteas um Leas an Phobail (PBE) an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe.

b) Ráiteas maidir le Comhlíontacht

Rinneadh ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna chur chun cinn ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le haontú an Aire Airgeadais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.

d) Airgeadra

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), airgeadra feidhmiúil an RTB.

e) Ioncam

Táillí Clárúcháin

Aithnítear ioncam nuair a fhaightear iarratas chun tionóntacht a chlárú.

Aithníonn an RTB foráil maidir le táillí a d'fhéadfadh a bheith curtha ar ais chuig iarratasóirí i gcásanna nuair a bhíonn an t-iarratas neamhiomlán nó nuair a íocadh an táille mhícheart.

Táillí maidir Díospóidí

aithnítear ioncam nuair a dhéantar iarratas um dhíospóid a éisteacht.

Deontas ón Oireachtas

De ghnáth aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe, seachas Deontais ón Oireachtas a aithnítear ar bhonn airgead a fhaightear.

Ioncam Eile

Léirítear le hioncam eile ús a fhabhraítear ar éarlaisí a dhéantar le hinstiúidí airgeadais agus costais dhlíthiúla ar bith a aisghabhtar sa bhliain.

Ús ioncaim

Aithnítear ús ioncaim ar bhonn fabhraithe agus an modh um ráta úis atá i bhfeidhm á úsáid.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le haon fhoráil do bhearnú. Déanfar foráil do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

Feabhsuithe Léasachta	5% in aghaidh na bliana
Daingneáin agus Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Trealamh ríomhaireachta agus forbairt bogearraí	20% in aghaidh na bliana

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Sócmhainní á bhForbairt

Níl siad dímheasta

Déantar costais na gcóras atá á bhforbairt a chaipitliú sa mhéid agus a chomhlíontar riachtanais FRS 102 leo maidir le sócmhainní dolámhsithe seachas as cáilmheas a chaipitliú. Déantar dímheas ag an ráta atá taispeánta thuas maidir le forbairt bogearraí a mhuirearú ón bpointe a chuirtear an fhorbairt i gcrích agus a chuirtear an córas i bhfeidhm.

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh aois ag an tsócmhainn agus bail uirthi a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú maidir le luach sócmhainne, aithnítear cailiteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

g) Infháltais

Aithnítear infháltais ar luach cóir lúide, lúide foráil maidir le fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach foráil maidir le gluaiseacht na bhfiach amhrasach sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

h) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim i gcaitheamh shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe cíosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad, sa chás sin. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

i) Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, éarlaisí atá á gcoinneáil faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí gearrthréimhseacha, leachtacha eile a raibh aibíocht 3 mhí nó níos lú ag baint leo ar an gcéad dul síos agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí faoi dhliteanais reatha.

j) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

k) Sochair Scoir

Oibríonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) scéim phinsin le sochar sainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó chistí atá ar fáil dó. Trí Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 625 de 2011, tugadh éifeacht do Scéim Aoisliúntais an RTB agus d'fhaomh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil í, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Ina theannta sin, oibríonn an RTB an Scéim Pinsin Seirbhíse Phoiblí Aonair (an Scéim Aonair), ar scéim phinsin í le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí arna n-earcú an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a aisíoctar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus déantar iad a fhritháireamh nuair is gá ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Léirítear le dliteanais phinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin sa todhchaí arna dtuilleamh ag an bhfoireann chuige seo. Léirítear le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i dtréimhsí amach anseo.

l) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malartaithe atá i réim ag dáta an idirbhirt. Déantar aon difríochtaí a eascraíonn ar aistriú idir dátaí na n-idirbheart agus dátaí na n-íocaíochtaí a mhuirearú don chuntas loncaim agus Caiteachais.

m) An Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil méid gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

n) Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla

D'fhonn na ráiteas airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuiriscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuiriscítear maidir le hioncam agus costais le linn na bliana.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta maidir le lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim glanluach in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas maidir le lagú mar an difear idir an tsuim ghanluacha sa bhreis ar an tsuim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, grúpáiltear sócmhainní ar na leibhéil is ísle dá bhfuil siad ina sreafaí inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid thirim). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag dáta gach tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta a athbhreithniú, agus go háirithe, saolréanna úsáideacha eacnamaíocha agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha

Déanann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe foráil d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, is eol dó a bheith gan íoc ag dáta deireadh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha sin bunaithe ar eolas stairiúil nó eolas ábhartha eile, agus déantar iad a choigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is ábhartha. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta b'fhéidir, áfach. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir an táirgeacht iarbhír agus mar a bhí measta.

Forálacha maidir le hAisíocaíochtaí Táillí Clárúcháin

Faigheann an RTB iarratais agus táillí ó thiarnaí talún chun tionóntachtaí a chlárú. Éilítear le halt 135 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 gur cheart iarratais neamhiomlána nó iad siúd gan an táille cheart ag gabháil leo a sheoladh ar ais chuig an iarratasóir in éineacht le táillí ar bith a íocadh.

Déanann an RTB iarracht chun fadhbanna a eascraíonn a réiteach agus d'fhorbair sé córais chun an próiseas sin a dhéanamh níos éifeachtaí. Nuair nach féidir an fhadhb

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

a réiteach gan mhoill cuirtear an t-iarratas agus an táille ar ais chuig an iarratasóir agus ní dhéantar an tionóntacht a chlárú.

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí roinnt iarratas ar chlárú idir lámha a bhí á bhforbairt. Aithníonn an RTB foráil maidir le táillí ó chuid de na hiarratais sin a d'fhéadfadh a bheith curtha ar ais chuig an iarratasóir ar deireadh. I Nóta 7 leis na ráitis airgeadais seo tá líon na n-iarratas neamhiomlán agus an fhoráil chomhfhreagrach taifeadta.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí is bunús le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí ardcháilíochta corparáide; agus
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo agus dálaí an mhargaidh saothair amach anseo.

2. Ioncam ó Tháillí Clárúcháin

Ba ionann na táillí a fuarthas ó thiarnaí talún mar íocaíocht chun tionóntachtaí a chlárú agus €11,067,586 (2017: €11,843,235).

3. Ioncam Eile

	2018	2017
		€
Ús ioncaim	29,651	30,245
Ioncam Éagsúil	38	-
Costais dhlíthiúla aisghafa	<u>17,353</u>	<u>79,200</u>
	<u>47,042</u>	<u>109,445</u>

4a. Costais Foirne

	2018	2017
	€	€
Pá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht	2,511,539	2,174,042
Foireann agus sealbhóirí oifigí a oiliúint	74,728	45,449
Costais leasa shóisialaigh	196,477	142,355

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Costais eile foirne	<u>83,587</u>	<u>51,801</u>
	<u>2,866,331</u>	<u>2,413,647</u>

Bhí 45 ball foirne ann a bhí fostaithe go díreach ag an RTB sa bhliain (2017: 43). Bhí ochtar eile mar fhoireann ar iasacht don RTB ó Ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí eile na hearnála poiblí (2017:12). Níor íocadh aon sochair foirceanta, iar-fhostaíochta, ná aon sochair fhadtéarmacha eile le fostaithe le linn na bliana.

Asbhaineadh tobhach pinsin dar luach €65,565 agus íocadh é leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in 2018 (2017: €43,944).

Príomhphearsanra Bainistíochta	2018	2017
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha a íocadh	635,726	460,170

Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach, lena n-áirítear tuarastail, a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta an RTB taispeánta thuas. Áirítear na méideanna sin laistigh de phá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht faoi Chostais na Foirne. Áirítear le príomhphearsanra bainistíochta ag an RTB an Stiúrthóir agus a Leas-Stiúrthóirí.

Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh le linn na bliana san áireamh le luach na sochar gearrthéarmach. Is baill de cheann amháin de scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí iad an príomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

Luach saothair na stiúrthóirí	2018	2017
	€	€
Luach saothair Stiúrthóirí an RTB	97,609	87,741

Áirítear luach saothair an Stiúrthóra laistigh de Shochair ghearrthéarmach faoi Phríomhphearsanra bainistíochta. Ní bhfuair an Stiúrthóir bónas ar bith ná sochar comhchineál in 2018 nó in 2017. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais eiseamláireach le sochar sainithe na hearnála poiblí.

Raon na Sochar Fostaithe Iomlán		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2018	2017
€60,000	€69,999	4	2
€70,000	€79,999	1	1
€80,000	€89,999	-	1

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

€90,000 €99,999 1 -

Fuair seisear de bhaill na foirne pá comhlán níos mó ná €60,000 in 2018 (2017: 4). Déantar anailís ar na híocaíochtaí sin thuas. Rinneadh mion-anailís arís ar na figiúirí don bhliain roimhe ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

4b. Costais maidir le Comhaltaí Boird agus Baill na bPainéal

	2018	2017
	€	€
Táillí Chomhaltaí an Bhoird	149,164	206,594
Táillí Bhaill an Bhinse Cíosa	2,284	4,569
Táillí Bhaill an Bhinse	775,978	741,979
Táillí na mBreithneoirí, na nEadránaithe agus táillí eile	973,418	885,656
Taisteal & Cothabháil - an Bord	18,939	24,120
Taisteal & Cothabháil - baill na bpainéal	40,130	45,321
	<u>1,959,913</u>	<u>1,908,239</u>

4c. Costais Riaracháin

	2018	2017
	€	€
Costais maidir le Seachfhoinsíú ³	1,958,953	1,854,004
Táillí dlí agus gairmiúla	1,908,950	1,876,982
Taisteal agus cothú	17,143	17,903
Táillí Iniúchóireachta	14,000	14,000
Táillí gairmiúla eile	23,229	18,082
Táillí cuntasáíochta	46,485	55,683
Costais luathscríbhneoireachta	68,740	65,496
Speansais maidir le Cruinnithe	21,504	17,788
Soláthairtí Oifige	58,869	38,330
Costais maidir le post agus dáileadh	599,236	527,025
Costais phriontála agus aistriúcháin	93,583	124,448
Costais theileafóin	56,734	46,418
Faisnéis phoiblí agus oideachas	48,838	61,065
Costais agus cothabháil ríomhaireachta	1,773,454	1,438,533
Costais teaghlachais	806,521	491,069
Seirbhísí glantacháin	28,140	23,333
Staidéir thaighde	385,643	541,972
Tionscadail straitéiseacha	108,320	59,592
Ilghnéitheach	91,913	57,029
Táillí bainc	112,987	111,098
Stóráil agus aisghabháil taifead	13,756	14,884
	<u>8,236,998</u>	<u>7,454,734</u>

I Nótaí 4a, 4b agus 4c, rinneadh mion-anailís arís ar roinnt ceannteideal don bhliain roimhe ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

³Baineann costais maidir le seachfhoinsíú le costais a tabhaíodh le cuideachta seirbhíse tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhísí um theagmháil le custaiméirí agus seirbhísí riaracháin do chustaiméirí an RTB.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

5. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

	Trealamh & Córas atá á Fhorbairt ⁴ Bogearraí Ríomhaireachta		Feabhsuithe Léasachta	Troscán & Feistis	TrealamhOifige	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
Costas						
Iarmhéid tosaigh	3,377,673	0	1,815,154	252,148	84,328	5,529,303
Breiseanna	<u>141,236</u>	<u>1,365,802</u>	<u>217,802</u>	<u>66,322</u>	<u>0</u>	<u>1,791,162</u>
Amhail an 31 Nollaig 2018	3,518,909	1,365,802	2,032,956	318,470	84,328	7,320,465
Dímheas						
Iarmhéid tosaigh	2,540,994	0	873,727	208,511	84,328	3,707,560
Muirear don bhliain	<u>323,522</u>	0	<u>92,573</u>	<u>9,098</u>	<u>0</u>	<u>425,193</u>
Amhail an 31 Nollaig 2018	2,864,516	0	966,300	217,609	84,328	4,132,753
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2018	<u>654,393</u>	<u>1,365,802</u>	<u>1,066,656</u>	<u>100,861</u>	<u>0</u>	3,187,712
Amhail an 31 Nollaig 2017	<u>836,679</u>	<u>0</u>	<u>941,427</u>	<u>43,637</u>	<u>0</u>	<u>1,821,743</u>

⁴ Léirítear le córas atá á fhorbairt na costais a bhaineann le córas bainistíochta nua um chaidrimh le custaiméirí a fhorbairt don RTB. Ní dhéanfar aon dímheas a ríomh ar an sócmhainn sin go dtí go gcuirfear an fhorbairt i gcrích agus go gcuirfear an córas i bhfeidhm.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

6. Infháltais

Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:	2018	2017
	€	€
Speansais réamhíochta	340,484	202,769
Ioncam fabhráithe	7,373	16,397
Asbhaintí saorálacha	13,791	10,688
Féichiúnaithe éagsúla	<u>17,993</u>	<u>487</u>
	<u>379,641</u>	<u>230,341</u>

7. Suimeanna Iníochta

Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin 2018	2018	2017
	€	€
Creidiúnaithe & Fabhrúithe	2,762,667	2,025,851
Méideanna le díol le hÚdarás Áitiúla	<u>1,161,265</u>	<u>1,161,265</u>
	<u>3,923,932</u>	<u>3,187,116</u>

Áirítear i gcreidiúnaithe agus fabhrúithe foráil maidir le 1,641 clárúchán neamhiomlán dar luach €136,698 (2017: 1,272 iarratas, dar luach €152,778).

Anailís ar mhéideanna le díol le hÚdarás Áitiúla

Sa tábla thíos leagtar amach na táillí arna gcoinneáil ag an RTB sa bhliain airgeadais ábhartha agus na méideanna a íocadh le hÚdarás Áitiúla as a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú faoi na Rialacháin um Chaighdeáin Tithíochta agus Leabhair Chíosas:

	2018	2017
	€	€
Iarmhéid tosaigh	1,161,265	2,866,512
Táillí a dáileadh ar Údarás Áitiúla sa bhliain	0	0
Táillí a íocadh le hÚdarás Áitiúla	<u>0</u>	<u>(1,705,247)</u>
Iarmhéid le díol le hÚdarás Áitiúla	<u>1,161,265</u>	<u>1,161,265</u>

Suas le Meitheamh 2016, dáileadh cuid de na táillí a bhailigh an RTB (20%) ar údarás áitiúla chun críocha a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú faoi na hAchtanna um Thithíochta. Bhí an méid a íocadh le gach údarás áitiúil bunaithe ar líon na n-iniúchtaí a rinne an t-údarás áitiúil sin mar chion de na hiniúchtaí iomlána arna ndéanamh ag údarás áitiúla. Bhí an íocaíocht le hÚdarás Áitiúla aonair bunaithe ar threoir ón Aire. Rinneadh sin a chur ar fionraí ó Iúil 2016 bunaithe ar threoir ón Aire. Tá an RTB ag fanacht ar threoir maidir le híoc amach na dtáillí atá fágtha le hÚdarás Áitiúla.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

8. Barrachas Carntha

D'éascair an barrachas carntha de €5,094,174 amhail an 31 Nollaig 2018 go príomha mar gheall ar ghannchaitheamh i gcoinne gníomhaíochtaí beartaithe in 2017 agus 2018. Ba iad na príomhchúiseanna leis sin go raibh líon na bhfostaithe chun deiridh maidir lena raibh beartaithe, uainiú an chaiteachais ar phríomhchórais a fheabhsú, agus costais dhlíthiúla laghdaithe maidir le forfheidhmiú de réir mar a d'fhorbairt an RTB beartas forfheidhmithe nua.

9. Cuntas Caipitil

	2018	2017
	€	€
Iarmhéid tosaigh	1,821,743	2,289,265
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Funding to acquire assets	1,791,162	85,714
Maoiniú chun sócmhainní a fháil	(425,193)	(553,236)
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	<u>0</u>	<u>0</u>
	1,365,969	(467,522)
Iarmhéid deiridh	<u><u>3,187,712</u></u>	<u><u>1,821,743</u></u>

10. Cóiríocht

I nDeireadh Fómhair 2007 shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe comhaontú léasachta 20 bliain maidir lena áitreabh ag Teach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. I nDeireadh Fómhair 2018 ghlac an RTB spás breise san fhoirgneamh céanna chun freastal ar fhás na foirne agus ionchas maidir le fás sa todhchaí de mar a leathnaítear sainordú na heagraíochta. Rachaidh an léasa don spás breise in éag ag an am céanna agus a rachaidh an comhaontú léasachta 20 bliain bunaidh in éag. Ba é an ceangaltas bliantúil faoi na léasanna sin ag deireadh na bliana €701,102.

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí ceangaltais léasa bhliantúla ann faoi na léasanna oibriúcháin mar a leanas:

	2018
	€
Dáta éaga:	
Idir 0 agus 1 bhliain	701,102
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	2,804,409
Níos mó ná 5 bliana	<u>2,674,073</u>
Iomlán	<u><u>6,179,584</u></u>

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

11. Aoisliúntas

a) Anailís ar na costais phinsin iomlána gearrtha ar Chaiteachas

	2018	2017
	€	€
Costas seirbhíse reatha ³	335,000	356,000
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin (Gnóthachan) / cailteanas ar sheirbhís roimhe	134,000	108,000
	<u>0</u>	<u>320,000</u>
	469,000	784,000
Aoisliúntas (Foireann na Roinne)	<u>84,072</u>	<u>107,537</u>
	<u>553,072</u>	<u>891,537</u>

b) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

	2018	2017
	€	€
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	(5,901,000)	(4,828,000)
Costas seirbhíse reatha	(420,000)	(420,000)
Costas seirbhíse roimhe seo ³	0	(320,000)
Costais úis	(134,000)	(108,000)
Gnóthachan (Cailteanas) Achtúireach	<u>310,000</u>	<u>(225,000)</u>
Easnamh pinsin ag deireadh na bliana	<u>(6,145,000)</u>	<u>(5,901,000)</u>

c) Maoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean

D'fhaomh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an RTB, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an RTB méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha um pinsin a eascraíonn ón scéim aoisliúntais fhaofa ar fhoras na dtoimhdí a míníodh in (e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí sin bhí an bonn reachtúil le bunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

³Tá costais na Seirbhíse Reatha glan í ranníocaíochtaí fostaithe a íoctar ar ais leis an Roinn. Is iad na méideanna a aisíocadh leis an Roinn 2018) €83,958 agus (2017) €64,429.

⁶Léirítear le gnóthachan / (cailteanais na seirbhíse roimhe seo aistriú foirne isteach/amach as scéim aoisliúntais an RTB ar bhonn 'cómhalartach'.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ba é an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean atá aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná mar a leanas:

	2018	2017
	€	€
Coigeartú ar mhaoiniú maidir le pinsean na bliana reatha	469,000	784,000
Deontas Stáit arna chur i bhfeidhm i leith pinsean	<u>0</u>	<u>0</u>
	<u>469,000</u>	<u>784,000</u>

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2018 €6,145,000 (2017: €5,901,000).

d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2018	2017
	€	€
Oibleagáidí Sochair Shainithe	6,145,000	5,901,000
Cailteanais ó thaithí ar Dhliteanais na Scéime & Athruithe ar Thoisimh	310,000	(225,000)
Percentage of Scheme Liabilities	5%	(4%)

e) Cur síos ginearálta na Scéime

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh é an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí atá sainithe le tagairt do rialacháin reatha scéim 'eiseamláireach' na hearnála poiblí. Leis an scéim soláthraítear pinsean (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéilí agus do pháistí. Is é an gnáthaois scoir breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bhliain d'aois. Méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí de ghnáth.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsin le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2-13 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar foráil sa scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair mheán na gairmréime inphinsin, agus pinsin fhéideartha do chéilí agus do leanaí. Is í an aois phinsin íosta 66 bliana (ag éirí ar aon dul le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir arna laghdú ar bhonn achtúireach ó aois 55.

Méadaítear pinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí. Bhí 25 ball sa Scéim Aonair in 2018 (2017: 21).

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach na ndliteanas maidir leis an bhfoireann amhail an 31 Nollaig 2018. Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil sin chun críocha an chaighdeáin um thuairisciú, *Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 — nochtadh maidir le Pleananna Pinsin*.

Is iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanas na scéime a ríomh:

	2018	2017
Ráta lascaine	2.25%	2.2%
Toimhde um méadú tuarastail	3.25%	3.4%
Toimhde um méadú pinsin	2.75%	2.9%
Boilsciú Praghais (CPI)	1.75%	1.9%

12. Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord ar an eolas faoin a chuid freagrachtaí faoi Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002 agus bhunaigh sé nósanna imeachta agus próisis iomchuí chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí i gcomhréir leis na Rialacháin. Ríomh an Bord gurb ionann a dhliteanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus náid (2017: náid).

13. Cásanna gan Réiteach

Bhí 54 chás réitigh díospóide ag an mBord a bhí ag fanacht ar éisteacht amhail an 31 Nollaig 2018. Ós rud é go n-athraíonn costas an phróisis um réiteach díospóidí go mór ó chás go cás níl aon fhoráil do na cásanna gan réiteach sin a cláraíodh roimh an 31 Nollaig 2018 san áireamh leis na Ráitis Airgeadais.

14. Leasanna agus Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a d'éisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní dhearnadh aon idirbhearta i rith na tréimhse ó thaobh ghníomhaíochtaí an Bhoird de ina raibh leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird.

Tá táillí chomhaltaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal Táillí, Tinrimh agus Speansas Chomhaltaí an Bhoird sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird. Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na táillí.

AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais **04 Deireadh Fómhair 2019.**